

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge  
TUAIRISC**

**Coláiste Chríost Rí  
Bóthair an Chaipín, Corcaigh.  
Uimhir Rolla: 625600**

**Dáta na cigireachta: 4 Deireadh Fómhair 2012**



A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F  
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N  
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S

**TUAIRISC**  
**AR**  
**CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAELGE**

---

**EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT**

<b>Dátaí na cigireachta</b>	4&5 Deireadh Fómhair 2012
<b>Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu</b> <ul style="list-style-type: none"><li>• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha</li><li>• Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí</li><li>• Caidreamh le scoláirí</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith 6 thréimhse ranga</li><li>• Athbhreithniú ar obair na scoláirí</li><li>• Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí</li></ul>

**PRÍOMHCHINNTÍ**

- Ar an iomlán, bhí cáilíocht mhaith ag baint le caighdeán an teagaisc agus na foghlama. Tugadh suntas ar leith don sár-chleachtas a breathnaíodh i gceacht amháin agus do chleachtas a bhí an-mhaith i ndá chás eile.
- An Ghaeilge a bhí mar ghnáthurlabhra i bhformhór mór na ranganna a breathnaíodh. Tugadh suntas d’inniúlacht na scoláirí i labhairt na Gaeilge.
- Léirigh cuid mhaith múinteoirí ionchais arda dá gcuid scoláirí.
- Tá stádas an-láidir ag an nGaeilge sa scoil.
- Tá machnamh cuimsitheach déanta ag baill roinne ar an gcaoi is éifeachtaí chun siollabais na gclár éagsúil a chur i láthair a gcuid foghlaimeoirí.

**PRÍOMH-MHOLTAÍ**

- Moltar go dtriailfí togra um athbhreithniú gairmiúil comhoibríoch mar chuid den fhéin-mheastóireacht roinne ionas go mbeadh tuiscint ag na baill roinne uile ar an dea-chleachtas atá á chleachtadh i ranganna éagsúla.
- Moltar go ndéanfadh múinteoirí freastal ar na ceardlanna oiliúna a reáchtálar do mhúinteoirí Gaeilge ar an dara leibhéal.

## RÉAMHRÁ

Meánscoil dheonach do bhuachaillí amháin is ea Coláiste Chríost Rí atá faoi choimirce PBST. 636 scoláire a bhí cláraithe ar rolla na scoile aimsir na cigireachta. Seisear múinteoirí atá ag gabháil do mhúineadh na Gaeilge. Déantar clár an Teastais Shóisearaigh agus clár na hArdteistiméireachta a sholáthar sa scoil. Soláthraítear clár na hIdirbhliana ar bhonn roghnach.

## TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Breathnaíodh sé cheacht Gaeilge. Bhí cáilíocht idir mhaith agus an-mhaith ag baint le caighdeán an teagaisc agus na foghlama i bhformhór mór na ranganna seo. Breathnaíodh sár-chleachtas i gcás amháin.
- Bhí an Ghaeilge i dtreis le linn na gceachtanna ar fad. Breathnaíodh an cleachtas is fearr nuair ba léir go raibh seanchleachtadh ag scoláirí ar chumarsáid a dhéanamh leis an múinteoir agus lena chéile trí mheán na Gaeilge. Is iomaí scoláire, dá bharr, a raibh a inniúlacht sa Ghaeilge labhartha ag teacht lena chumas san ábhar.
- Bhí toradh foghlama fóna ar obair an ranga nuair a cuireadh ar scoláirí feidhm a bhaint as na gnéithe nua-mhúinte den teanga trí sliocht a léamh, trí éisteacht le mír nó trí abairtí a sholáthar; bídis á rá nó á scríobh. B'fhéarr fós an cleachtas nuair a treisíodh an fhoghlaim trí chleachtadh a thabhairt dóibh ar na ceithre scil teanga.
- Leag roinnt mhúinteoirí béim ar leith ar shaibhriú na Gaeilge trí leaganacha nádurtha cainte a chleachtadh lena gcuid scoláirí. Chuir úsáid na leaganacha cainte seo go mór le caighdeán Gaeilge na scoláirí.
- I dtromlach mór na ranganna, cuireadh scoláirí i mbun raon leathan gníomhaíochtaí ionas go ndéanfaidís cleachtadh ar scileanna teanga éagsúla. Buntáiste eile a bhain leis an éagsúlacht gníomhaíochtaí ná gur spreagadh rannpháirtíocht leanúnach na scoláirí. Agus gníomhaíochtaí foghlama á ndearadh ag múinteoirí amach anseo, moltar go mbainfí breis leasa as gníomhaíochtaí ina mbíonn ar scoláirí ceisteanna a chur chomh maith len'iad a fhreagairt.
- Le linn roinnt ceachtanna rinne na múinteoirí a ndícheall ábhar an cheachta a chur os comhair na scoláirí ar shlí shoiléir shothuigthe. Ina theannta seo thug na múinteoirí seo straitéisí agus nodanna dá gcuid scoláirí a chabhróidh leo an t-eolas seo a thabhairt chun cuimhne nuair a bheidh gá leis.
- I gcás amháin braithheadh nár tugadh dóthain tacaíochta do scoláirí agus gnéithe nua den teanga á gcur ina láthair. Sa chás áirithe seo, bhí gá le breis treisithe a dhéanamh ar an teanga nua-mhúinte trí scoláirí a chur i mbun breis gníomhaíochtaí foghlama ina ndéanfaidís cleachtadh ar an méid a bhí clúdaithe ó bhéal.
- Breathnaíodh an-deachleachtas nuair a cuireadh d'fhiacha ar scoláirí tagairt a dhéanamh dá gcuid foclóirí agus don réamhfhoghlaim a bhí breactha síos acu féin ina gcuid leabhar nótaí. Léiríonn seo go n-aithníonn na múinteoirí seo an tairbhe a bhaineann leis an bhfoghlaim neamhspleách agus go mbíonn siad ag súil leis go nglacfaidh scoláirí freagracht as a gcuid foghlama féin.
- Léargas eile ar an bhfoghlaim neamhspleách a bheith á fhorbairt ab ea na tagairtí a rinneadh do phointí gramadaí de réir mar a thángthas orthu. Sna cásanna seo, ba léir go raibh taithí ag na scoláirí ar chúram a dhéanamh de chruinneas na Gaeilge agus luigh siad isteach láithreach leis an ngné bhreise seo d'obair an ranga.

- Is iomaí straitéis a chruthaigh atmaisféar dearfach agus comhoibritheach le linn ceachtanna. Spreagadh scoláirí chun tuairimí a nochtadh, rinneadh tagairtí rialta dá saol féin agus dá n-ábhair suime agus ba mhinic a moladh iad as a gcuid oibre. Bhí ionchais arda ag mórán múinteoirí da gcuid scoláirí, dearcadh a spreag muinín na scoláirí agus a ghríosaigh chun oibre iad.
- Ba é an ceistiúchán ó bhéal an modh ba choitianta a úsáideadh chun caighdeán na foghlama a mheas. B'fhearr an cleachtas nuair a cuireadh meascán de bhuncheisteanna eolais agus ceisteanna ardoird. Ina theannta seo, ba airde caighdeán na bhfreagraí sna cásanna inar tugadh dóthain ama do scoláirí ar an eolas a thabhairt chun cuimhne agus ar fhreagra i nGaeilge a cheapadh agus a sholáthar. Agus forbairt á dhéanamh ar na straitéisí ceistiúcháin a úsáidtear, moltar go dtabharfaí deis do scoláirí dul i gcomhairle lena chéile agus freagraí á gcumadh acu, de réir mar is gá.
- Thapaigh roinnt bheag múinteoirí an deis chun dul chun cinn scoláirí aonair a mheas trí mhonatóireacht a dhéanamh orthu agus iad ag obair i ngrúpaí nó ina n-aonar. Bhí fiúntas ar leith ag baint leis seo toisc go raibh múinteoirí in ann freastal ar riachtanais scoláirí aonair.
- B'fhiú leas níos leithne a bhaint as an bpiarmheasúnú agus as gníomhaíochtaí ceartúcháin eile a chuireann ar scoláirí machnamh a dhéanamh ar chrítéir ratha.
- Breathnaíodh samplaí d'obair scríofa na scoláirí. Bhí an-chruth ar mhórán de na cóipleabhair agus ba léir córas a bheith leagtha amach ag a lán múinteoirí maidir le nótaí a bhreacadh síos. Bhí líon sásúil tascanna scríofa comhlíonta don tráth bliana a bhí ann. Bhí monatóireacht rialta déanta ar an obair seo.

#### **SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE**

- Tá stádas an-láidir ag an nGaeilge sa scoil. Tá an Ghaeilge le feiceáil agus le cloisteáil i dtimpeallacht na scoile, léargas ar bháidhiúlacht phobal na scoile leis an teanga. Is beag scoláire nach ndéanann staidéar foirmeálta ar an nGaeilge toisc go bhfuiltear go láidir den tuairim gur cuid d'ilis d'fhéiniúlacht na scoile í an Ghaeilge.
- Is do leas na scoláirí a thugtar tús áite agus cinní á ndéanamh maidir leis an gcaoi a soláthraítear an t-ábhar. Bíonn teagmháil rialta ag scoláirí leis an sprioctheanga. Scagtar scoláirí i ranganna ar shlí a chinntíonn go bhfaigheann siad ar fad deis ar an nGaeilge a dhéanamh ag an leibhéal is airde a oireann dá raon cumais.
- Tugadh suntas don solúbthacht a léirítear maidir le cur i bhfeidhm an tsiollabais:- tá triail bainte as an mbuíontagasc agus i mbliana tá clár na hidirbhliana á gcur i bhfeidhm i bhfoirm modúlach, le múinteoirí aonair freagrach as modúl an duine a dhearadh agus a mhúineadh.
- Is iomaí imeacht seach- agus comh-churaclaim a thacaíonn le cur chun cinn na Gaeilge lasmuigh den seomra ranga.
- Tá córas measúnaithe i bhfeidhm a thugann aitheantas do na ceithre scil teanga agus a chinntíonn go gcoimeádtar na rannpháirtithe ar fad ar an eolas faoi dhul chun cinn na scoláirí.
- Tá a seomraí féin ag na múinteoirí uile agus teacht acu ar áiseanna nua-aimseartha. Tá cairteanna tagartha curthu ar crochadh sna seomraí uile agus i gcásanna áirithe tá iarracht

inmholta déanta ar thimpeallacht an-tarraingteach a chruthú trí shamplaí d'obair na scoláirí a chur ar taispeáint i measc nithe eile.

- Moltar go mbunófaí togra um athbhreithniú gairmiúil comhoibritheach i dtreo is bhfaighfeadh múinteoirí léargas ar chleachtais a chéile. D'fhéadfaí togra dá leithéid seo a bheith mar chuid den fhéinmheastóireacht roinne.
- Is cailliúint é nach bhfuil freastal rialta déanta ag na múinteoirí uile ar na ceardlanna oiliúna atá curtha ar fáil do mhúinteoirí Gaeilge ar an dara leibhéal. Déantar moladh láidir go bhfreastalódh gach múinteoir ar na ceardlanna seo.

#### **PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN**

- Is dlúthchuid d'obair na roinne é an phleanáil um fhorbairt ábhair. Tugann plean na Gaeilge léargas ar fhealsúnacht na roinne i dtaca le teagasc agus foghlaim an ábhair. Tugann an plean le fios go bhfuil saintuiscint ag baill roinne ar na próisis teagaisc, foghlama agus measúnaithe is oiriúnaí chun an próiseas sealbhaithe teanga a éascú.
- Ba mhaith an rud é dá mbeadh miontuairiscí ar chruinnithe na roinne in aon chomhad amháin leis an bplean agus dá mbeidís leagtha amach ar shlí a thugann léargas ar na cinntí a glacadh agus ar na gníomhartha a beartaíodh ag gach cruinniú.
- Rinne tromlach mór na múinteoirí ullmhúchán cuimsitheach do na ceachtanna a breathnaíodh. Sna cásanna seo, ba léir réamh-mhachnamh a bheith déanta ar na gnéithe den teanga a bheadh le sealbhú, ar an gcaoi is fearr chun eiseamlairí den teanga seo a chur i láthair na scoláirí agus ar ghníomhaíochtaí eile a threiseodh an fhoghlaim.
- Is iomaí múinteoir a d'ullmhaigh acmhainní spreagúla breise chun tacú leis an bpróiseas teagaisc agus foghlama.

---

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí Gaeilge.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.